ÁR dTUAIRISC FHÉINMHEASTÓIREACHTA AGUS PLEAN FEABHSÚCHÁIN

Sa bhliain seo a chuaigh thart, d'fhéachamar ar theagasc agus foghlaim inár scoil chun a fháil amach cad atá á dhéanamh go maith againn. Seo a fuaireamar amach:

Go bhfuil comhmhúinteoireacht ag obair go maith sa rang, go bhfuil obair idirdhealaithe ar siúl agus go bhfuil bhfuil muid ag freastal ar riachtanais chuile pháiste.

Go bhfuil ag éirí go maith leis an tumoideachas, leis an luathoideachas agus le Aistear

Go bhfuil alán acmhainní ar fáil sna ranganna agus sa scoil chun freastal ar chuile pháiste

Go bhfuil cúrsaí measúnaithe go maith sa scoil

Go bhfuil cultúr maith sa scoil, go bhfuil muid ag ceiliúradh chuile pháiste agus go bhfuil na gasúir sona

Seo a rinneamar chun a fháil amach cad a bhí á dhéanamh go maith againn, agus cad a d'fhéadfaimis a dhéanamh níos fearr:

Rinneamar Mentimeter ag cruinnithe foirne chun eolas a bhailiú ón bhfoireann

Phléimear FMS ag cruinnithe, rinneamar machnamh ar na rudaí a oibríonn go maith sa scoil

Líon foireann na scoile ceistneoir maidir le hAireachas agus cúrsaí Folláine sa scoil

Rinneamar athbhreithniú ar an mblian scoile

Labhraíomar leis na gasúir agus thug muid cluas éisteachta do ghutha na ngasúir

D'éistíomar le glórtha na gasúir ar na coistí éagsúla sa scoil – an Choiste Ghníomhach, Coiste Ghlas na Scoile, An Cumann Gaelach, Comhairle na nDaltaí

Seo a bhfuilimid chun obair air anois:

Aireachas agus folláine a chur chun cinn

Suíomh sona sábháilte scoile a neartú

Polasaí Bia Folláine a chur chun cinn

Cluichí clóis a fhorbairt

Feachtas frithbhulaíocht a chur chun cinn sna ranganna go léir

Seo is féidir leatsa a dhéanamh chun cuidiú:

Aireachas agus Folláine a phlé le do pháiste / í

An bhileog fáisnéise maidir le Féin Mheastóireacht Scoile a phlé le do pháiste

Ceistneoir na dtuisimitheoirí a líonadh isteach

Polasaithe scoile a phlé le do do pháiste / í

Tacú leis an obair bhaile

Nasc / cumarsáid a choinneáil leis an scoil

Seo roinnt eolais faoin gcaoi ina bhfuil ár gcuid oibre ar siúl againn agus faoi cad a éilíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna orainn a dhéanamh.

Am scoile agus laethanta saoire

Cuireann an Roinn de cheangal ar na bunscoileanna uile **183 lá scoile** a bheith acu gach bliain.
I mbliana bhí 40 lá scoile againn, ón 30/08/23 go dtí 25/10/23

Leagann an Roinn amach **scoilbhliain chaighdeánach agus laethanta saoire scoile**.
I mbliana thógamar ár laethanta saoire scoile go léir laistigh den am ceadaithe.

Leagann an Roinn síos socruithe do **chruinnithe tuismitheoirí/múinteoirí agus cruinnithe foirne**. I mbliana bhí cruinnithe eolas tuismitheoirí/múinteoirí againn agus 4 cruinniú foirne, iad ar fad i gcomhréir le rialacháin na Roinne. Beidh cruinnithe tuismitheoirí do ranganna 1-6 ar siúl ar an 14ú is 15ú Samhain agus cruinnithe naíonáin ar an 20ú is 21ú Feabhra

Ag tabhairt aire do na leanaí inár scoil

Cuireann an Roinn de cheangal ar scoileanna na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí* atá leagtha síos aici a leanúint. Tá aontaithe ag ár mbord bainistíochta i scríbhinn é seo a dhéanamh.
TÁ / NÍL
Tá a fhios ag na múinteoirí go léir faoi na *Nósanna Imeachta* agus táimid tar éis a rá leis an tuismitheoirí go léir fúthu agus an chaoi ina leanaimid iad. TÁ / NÍL
Is é/í ár dTeagmhálaí Ainmnithe Pádraig Ó Conchubhair

agus is é/í ár dTeagmhálaí Ainmnithe Tánaisteach Sharon Ní Fhinneadha

Rollú agus tinreamh

Cuireann an Roinn de cheangal ar scoileanna polasaí iontrála a bheith acu agus a fhoilsiú, tinreamh a thaifeadadh agus a thuairisciú go cruinn, agus tinreamh ard agus rannpháirtíocht a spreagadh.

Tá polasaí iontrála againn agus tá sé foilsithe. TÁ / NÍL
Rinneamar athbhreithniú (agus nuashonrú) ar ár bpolasaí iontrála ar: 4/10/23

Tá taifid chruinne á gcoinneáil againn ar thinreamh agus déanaimid iad a thuairisciú mar is gá.
TÁ / NÍL

Spreagaimid tinreamh ard ar na bealaí seo a leanas: Cruinnithe eolas a eagrú do tuismitheoirí uile na scoile; nuachtlitreacha rialta a sheoladh amach

Seo mar is féidir leatsa cuidiú: gasúir a sheoladh ar scoil in am; aisláithreachtaí a bhreacadh ar Aladdin

Iompar dearfach do scoil shona

Cuireann an Roinn de cheangal ar scoileanna cód iompair a bheith acu, agus iarrann orainn dul i gcomhairle le tuismitheoirí agus leanaí faoi. Déanaimid é seo. TÁ / NÍL

Tugann ár gcód iompair cur síos ar iompar dearfach agus tacaíonn sé leis. TÁ / NÍL

Tá polasaí frithbhulaíochta an-soiléir agus ar ardphróifíl againn inár scoil. TÁ / NÍL